

Clár

1.	Cad is Sochar Uchtaíoch ann?	3
2.	Conas a cháilítear?	3
3.	Cad iad na coinníollacha ranníocaíochta ÁSPC?	4
4.	An gcomhairtear an t-árachas sóisialach ó lasmuigh d'Éirinn?	6
5.	Conas a dhéantar an íocaíocht a áireamh?	7
6.	An bhfaightear íocaíochtaí breise i dtaca le duine fásta cáilithe nó i dtaca le leanaí cáilithe?	8
7.	Conas a fhaightear an íocaíocht?	10
8.	An ngearrtar cáin ar an Sochar Uchtaíoch?	10
9.	An féidir íocaíocht leasa shóisialaigh eile a fháil chomh maith leis an Sochar Uchtaíoch?	11
10.	An féidir an Sochar Uchtaíoch a íoc liom má théim go tír eile?	12
11.	Cá fhad a mhaireann an íocaíocht?	12

Ar leanúint thall

Meitheamh 2011

Ó am go chéile athraíonn na coinníollacha cáilithe le haghaidh na scéimeanna seo againne. Déan seiceáil i gcónaí leis an Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil nó déan teagmháil lenár Seirbhís Eolais le fáil amach an bhfuil athrú ar na coinníollacha (féach leathanach 17 chun sonraí teagmhála a fháil).

Tá an t-eolas sa leabhrán seo i gceart agus é ag dul i gcló. Is mar threoir amháin atá an leabhrán seo, agus ní léirmhíniú dleathach é.

12. Cad a tharlaíonn do mo thaifead árachais shóisialaigh má ghlacaim saoire uchtaíoch gan phá? 12
13. An féidir liom a bheith ag obair agus an Sochar Uchtaíoch á fháil agam? 13
14. An féidir liom saoire uchtaíoch agus Sochar Uchtaíoch a chur siar? 14
15. Cad is saoire do thuismitheoirí ann? 14
16. Cathain agus conas a dhéantar iarratas? 16
17. Cén áit ar féidir a thuilleadh eolais a fháil? 17
- larratas ar chreidmheasanna um shaoire uchtaíoch 18

1. Cad is Sochar Uchtaíoch ann?

Íocaíocht is ea an Sochar Uchtaíoch a thugtar do thuismitheoir uchtála a uchtaíonn leanbh. Féadfaidh tú é a fháil más fostaí nó duine féinfhostaithe thú agus má chomhlíonann tú coinníollacha áirithe ó thaobh ranníocaíochta ÁSPC ar do thaifead árachais féin. Ní chuirtear an Sochar Uchtaíoch san áireamh chun críocha cánach.

2. Conas a cháilítear?

Chun cáiliú don Sochar Uchtaíoch mar **fhostaí** ní mór duit:

- a bheith i bhfostaíocht inárachais atá faoi chumhdach an Achta um Shaoire Uchtaíoch, 1995, díreach roimh an gcéad lá de do shaoire uchtaíoch,
agus
- coinníollacha áirithe ó thaobh ranníocaíochta ÁSPC a chomhlíonadh.

Chun cáiliú don Sochar Uchtaíoch mar **dhuine féinfhostaithe** ní mór duit:

- a bheith i bhféinfhostaíocht inárachais,
agus
- coinníollacha áirithe ó thaobh ranníocaíochta ÁSPC a chomhlíonadh.

3. Cad iad na coinníollacha ranníocaíochta ÁSPC?

Daoine Fostaithe

Chun cáiliú don Sochar Uchtaíoch, ní mór duit **ceann amháin** de na coinníollacha ranníocaíochta ÁSPC seo a leanas a chomhlíonadh. Ní mór:

- 39 seachtaine ar a laghad de ranníocaíochtaí ÁSPC* a bheith íochta agat sa tréimhse 12 mhí roimh an dáta a ndéantar do leanbh a shuíomh,
nó
- 39 seachtaine ar a laghad de ranníocaíochtaí ÁSPC* a bheith íochta agat ó thosaigh tú ag obair **agus** 39 seachtaine ar a laghad de ranníocaíochtaí ÁSPC a bheith íochta nó curtha chun creidmheasa agat sa bhliain chánach ábhartha nó sa bhliain chánach i ndiaidh na bliana sin,
nó
- 26 seachtaine ar a laghad de ranníocaíochtaí ÁSPC* a bheith íochta agat sa bhliain chánach ábhartha **agus** 26 seachtaine ar a laghad de ranníocaíochtaí ÁSPC* a bheith íochta agat sa bhliain chánach roimh an mbliain chánach ábhartha.

* Is iad Aicmí ÁSPC A agus E amháin a chuirtear sa chomhaireamh.

Ní íoctar Sochar Uchtaíoch le comhaltaí ar seirbhís d'Óglaigh na hÉireann.

Fostaíocht roimhe seo

Má bhí tú i bhféinfhostaíocht inárachais sular ghlac tú le post inárachais mar fhostaí, d'fhéadfadh do ranníocaíochtaí ÁSPC faoi Aicme S cabhrú leat cáiliú don Sochar Uchtaíoch, mura gcomhlíonfá na coinníollacha ó thaobh fostaí a léirítear anseo thuas.

Féadfaidh tú ranníocaíochtaí sa bhliain chánach roimh an mbliain chánach ábhartha agus i ndiaidh na bliana sin (féach an nóta ar leathanach 5) a úsáid chun cabhrú leat na coinníollacha ranníocaíochta ÁSPC a chomhlíonadh.

Daoine Féinfhostaithe

Chun cáiliú don Sochar Uchtaíoch, ní mór duit **ceann amháin** de na coinníollacha ranníocaíochta ÁSPC seo a leanas a chomhlíonadh. Ní mór:

- 52 ranníocaíocht ÁSPC* a bheith íoctha agat sa bhliain chánach ábhartha,
nó
 - 52 ranníocaíocht ÁSPC* a bheith íoctha agat sa bhliain chánach roimh an mbliain chánach ábhartha,
nó
 - 52 ranníocaíocht ÁSPC* a bheith íoctha agat sa bhliain chánach i ndiaidh na bliana cánach ábhartha.
- * Is iad Aicmí ÁSPC A, E agus S amháin a chuirtear sa chomhaireamh.

Tabhair faoi deara

Ní bhronntar ranníocaíochtaí féinfhostaíochta, Aicme S d'ÁSPC, i leith bliana ar leith go dtí go mbíonn do cháin i dtaca leis an mbliain sin íoctha go hiomlán agat.

Fostaíocht roimhe seo

Má bhí tú i bhfostaíocht inárachais sular thosaigh tú an fhéinfhostaíocht, d'fhéadfadh do ranníocaíochtaí ÁSPC (Aicmí A agus E) cabhrú leat cáiliú don Sochar Uchtaíoch, mura gcomhlíonfá na coinníollacha féinfhostaíochta.

Tabhair faoi deara

Is í an bhliain chánach ábhartha ná an bhliain chánach iomlán leathdhéanach roimh an mbliain sochair ina dtosaíonn do shaoire uchtaíoch.

Tosaíonn an bhliain sochair gach bliain ar an gcéad Luan in Eanáir agus críochnaíonn sí ar an Domhnach díreach roimh an gcéad Luan in Eanáir na bliana dár gcionn.

I gcás iarrtais a rinneadh i:

Is í an bhliain chánach ábhartha ná:

2011	→	2009
2012	→	2010

4. An gcomhairtear an t-árachas sóisialach ó lasmuigh d'Éirinn?

Má bhí fostaíocht inárachais agat roimhe seo i dtír atá faoi chumhdach na Rialachán CE agus má tá ar a laghad ranníocaíocht lánráta ÁSPC amháin íoctha agat in Éirinn ar **Aicme A** nó **E**, féadfaidh tú do thaifead árachais sa tír sin a chur le do ranníocaíochtaí ÁSPC in Éirinn chun cabhrú leat cáiliú don Sochar Uchtaíoch.

Is iad na tíortha atá faoi chumhdach na Rialachán CE nó faoi Chomhaontú Déthaobhach chun críocha an tSochair Uchtaíoch ná:

- An Ostair
- An Bheilg
- An Bhulgáir
- Poblacht na Seice
- An Danmhairg
- An Eastóin
- An Fhionnlainn
- An Fhrainc
- An Ghearmáin
- An Ghréig
- An Ungáir
- An Íoslainn
- Éire
- An Iodáil
- An Laitvia
- Lichtinstéin
- An Liotuáin
- Lucsamburg
- Málta
- An Iorua
- An Pholainn
- An Phortaingéil
- Poblacht na Cipire (An Chipir Theas)
- An Rómáin
- An tSlóvaic
- An tSlóivéin
- An Spáinn
- An tSualainn
- An Eilvéis
- An Ísiltír
- An Ríocht Aontaithe

Má bhí tú ag obair i gceann de na tíortha seo thuas sa bhliain chánach ábhartha, ar mhiste leat d'fhoirm iarratais a chur faoinár mbráid 12 sheachtain roimh thús do shaoire uchtaíche ionas go mbeadh ár ndóthain ama againn chun do thaifead árachais a fháil ón tír chúil.

5. Conas a dhéantar an íocaíocht a áireamh?

Daoine Fostaithe

Déantar an ráta seachtainiúil den Sochar Uchtaíoch a áireamh trí d'ollioncam sa bhliain chánach ábhartha a roinnt ar an méid seachtainí a d'oibrigh tú i rith na bliana sin dáiríre.

Féadfaidh tú 80% den tsuim seo a fháil, faoi réir íocaíochta íosta de €217.80 agus íocaíochta uasta de €262.00 sa tseachtain. Tá na rátaí seo i bhfeidhm ó 3 Eanáir 2011.

Tabhair faoi deara

Má tá tú intofa don Sochar ach mura bhfuil aon tuilleamh taifeadta sa bhliain chánach ábhartha agat, gheobhaidh tú íocaíocht ar an méid íosta.

Daoine Féinfhostaithe

Déantar an ráta seachtainiúil den Sochar Uchtaíoch a áireamh trí d'ioncam inríofa sa bhliain chánach ábhartha a roinnt ar 52.

Féadfaidh tú 80% den tsuim seo a fháil, faoi réir íocaíochta íosta de €217.80 agus íocaíochta uasta de €262.00 sa tseachtain. Tá na rátaí seo i bhfeidhm ó 3 Eanáir 2011.

Tabhair faoi deara

Má tá tú intofa don Sochar ach mura bhfuil aon tuilleamh taifeadta sa bhliain chánach ábhartha agat, gheobhaidh tú íocaíocht ar an méid íosta.

Daoine Fostaithe agus Féinfhostaithe

Déanfaimid comparáid idir an ráta den Sochar Uchtaíoch agus an ráta den Sochar Breoiteachta a d'fhéadfá a fháil dá mbeifeá as láthair ón obair de dheasca breoiteachta. Scrúdóimid é seo duit agus gheobhaidh tú an ráta is airde go huathoibríoch.

6. An bhfaightear íocaíochtaí breise i dtaca le duine fásta cáilithe nó i dtaca le leanaí cáilithe?

Féadfaidh tú íocaíochtaí breise a fháil i dtaca le duine fásta cáilithe agus i dtaca le leanaí cáilithe.

Is é atá i nduine fásta cáilithe ná duine lena bhfuil tú pósta, i bpáirtnéireacht shibhialta nó ag comhchónaí.

Is é atá i leanbh cáilithe ná leanbh a chónaíonn leat de ghnáth agus atá á chothabháil agat suas go dtí deireadh na bliana acadúla ina sroicheann sé/sí 18 mbliana d'aois **nó** tá sé/sí 18 mbliana go 22 bhliain d'aois agus in oideachas lánaimseartha de ló i scoil nó coláiste aitheanta.

Má tá cleithiúnaithe agat, déantar comparáid idir do ráta den Sochar Uchtaíoch (gan méaduithe do chleithiúnaithe a áireamh) agus an ráta den Sochar Breoiteachta (agus méaduithe do chleithiúnaithe san áireamh) a d'fhéadfá a fháil dá mbeifeá as láthair ón obair de dheasca breoiteachta. Íocfar an ráta is airde leat.

Má fhaigheann an cleithiúnaí aosaithe íocaíocht leasa shóisialaigh, ní féidir Méadú um Dhuine Fásta Cáilithe a íoc leat ach is féidir go mbeidh Méadú um Leanbh Cáilithe ar leathráta iníochta.

Cáileoidh tú do Mhéadú um Dhuine Fásta Cáilithe ar lánráta, má tá do chleithiúnaí aosaithe dífhostaithe agus ag síniú i gcomhair creidmheasanna nó ag tuilleamh ollioncaim faoi bhun €100.01 sa tseachtain. Má thuilleann an cleithiúnaí aosaithe ollioncam idir €100.01 agus €310 sa tseachtain, gheobhaidh tú ráta laghdaitheach an Mhéadaithe um Dhuine Fásta Cáilithe agus lánrata an Mhéadaithe um Leanbh Cáilithe. Má thuilleann an cleithiúnaí aosaithe ollioncam idir €310.01 agus €400 sa tseachtain, ní bhfaighidh tú Méadú um Dhuine Fásta Cáilithe ach gheobhaidh tú leathráta an Mhéadaithe um Leanbh Cáilithe. Má thuilleann an cleithiúnaí aosaithe ollioncam os cionn €400 sa tseachtain, ní bhfaighidh tú Méadú um Dhuine Fásta Cáilithe ná Méadú um Leanbh Cáilithe.

Ní bhfaighidh tú méadú um dhuine fásta cáilithe:

- má tá olltuilleamh nó ollioncam* de níos mó ná €310.00 sa tseachtain aige/aici,

nó

- má fhaigheann sé/sí íocaíocht leasa shóisialaigh (ach amháin Pinsean Míthreorach, Sochar Báis, Íocaíocht don Chaomhnóir (Ranníocach) agus (Neamh-Ranníocach), Liúntas Leasa Forlíontach nó Sochar Linbh) dá c(h)earth féin,

nó

- má tá sé/sí dícháilithe ó íocaíochtaí dífhostaíochta a fháil le linn dó/di a bheith páirteach in aighneas ceirde,

nó

- má fhaigheann sé/sí Liúntas Cothabhála um Ghalair Thógálacha ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS),

nó

- má ghlacann sé/sí páirt i gcúrsa lánaimseartha oiliúna de chuid FÁS nach cúrsa ceirde é.

* Áirítear ar ioncam tuilleamh ó fhéinfhostaíocht nó ó fhostaíocht, pinsin cheirde nó coigilteas agus infheistíochtaí.

Má chónaíonn leanaí leat agus más duine singil, baintreach (fir nó mná), páirtnéir sibhialta marthanach nó duine idirscartha thú, is féidir go bhfaighidh tú méadú don duine a thugann aire do do leanbh/leanaí, ar chuntar:

- go bhfuil an duine sin 16 bliana d'aois nó os a chionn sin,
- go gcónaíonn sé/sí leat,

agus

- go bhfuil sé/sí á c(h)othabháil agat.

Ní féidir leat Méadú um Leanbh Cáilithe a fháil má fhaigheann an leanbh sin íocaíocht leasa shóisialaigh nó íocaíocht ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, mar Liúntas Teaghlaigh Aontuismitheora nó Liúntas Míchumais, dá c(h)earth féin.

7. Conas a fhaightear an íocaíocht?

Is féidir leat an Sochar Uchtaíoch a fháil gach seachtain trí íocaíocht dhíreach le do chuntas reatha, coigiltis nó taisece in institiúid airgeadais nó is féidir leat an rogha a dhéanamh go n-íocfar go díreach é le cuntas bainc d'fhostóra.

8. An ngearrtar cáin ar an Sochar Uchtaíoch?

Ní ghearrtar cáin ar an Sochar Uchtaíoch. Má roghnaíonn tú, áfach, go n-íocfar do Shochar le d'fhostóir, agus má leanann d'fhostóir ansin de do ghnáth-thuarastal seachtainiúil a íoc leat le linn duit an Sochar a fháil, is féidir go mbeidh tú i dteideal aisíoca chánach agus ÁSPC. Más mar seo atá an scéal, chomh luath agus a chríochnóidh do Shochar, scríobh chuig Rannóg an tSochair Uchtaíoch, le do thoil, nó cuir ríomhphost chuig Rannóg an tSochair Uchtaíoch, trí leas a bhaint as an **bhfoirm shlán um fhiosrú ar an Sochar Uchtaíoch**, chun Ráiteas **AB21** a iarraidh i leith aisíoca chánach (rud ba chóir duit a sheoladh ansin chuig d'Oifig Chánach áitiúil).

I dtaca le haisíoc ASPC de, comhlánaigh an Fhoirm Iarratais ar Aisíoc Ranníocaíochtaí ÁSPC **PRSIREF 1**, le do thoil, rud is féidir leat a fháil ar líne ag **www.welfare.ie**.

9. An féidir íocaíocht leasa shóisialaigh eile a fháil chomh maith leis an Sochar Uchtaíoch?

Rátaí laghdaithe

Féadfaidh tú Sochar Uchtaíoch ar leathráta a fháil má fhaigheann tú aon cheann de na híocaíochtaí seo a leanas:

- Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora
 - Pinsean Ranníocach Baintrí, Baintrí Fir nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh
 - Pinsean Neamh-Ranníocach Baintrí, Baintrí Fir nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh
 - Sochar do Bhanchéile Thréigthe
 - Liúntas do Bhanchéile Príosúnaigh
 - Liúntas do Bhanchéile Thréigthe
- nó**
- Sochar Báis trí Phinsean Baintrí, Baintrí Fir, Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh nó do Thuismitheoir(í) Cleithiúnach(a) (faoin Scéim um Dhíobhálacha Ceirde).

Liúntas Cúramóra ar Leathráta

Má chuireann tú cúram lánaimseartha ar fáil do dhuine eile, is féidir go gcáileoidh tú freisin do Liúntas Cúramóra ar Leathráta chomh maith leis an Sochar Uchtaíoch ar an ráta caighdeánach. Chun a thuilleadh eolais a fháil, logáil isteach ar **www.welfare.ie**.

10. An féidir an Sochar Uchtaíoch a íoc liom má théim go tír eile?

Ní íocfar an Sochar Uchtaíoch leat i leith tréimhse ar bith a chaithfidh tú lasmuigh den Aontas Eorpach. Más saoránach an Aontais Eorpaigh thú, is féidir leat an Sochar Uchtaíoch a fháil i leith tréimhse ar bith de do shaoire mháithreachais a chaithfidh tú i dtír den Aontas Eorpach. Mura saoránach an Aontais Eorpaigh thú, ní bhfaighidh tú an Sochar Uchtaíoch ach fad is a fhanfaidh tú i bPoblacht na hÉireann.

11. Cá fhad a mhaireann an íocaíocht?

Féadfaidh tú Sochar Uchtaíoch a fháil ar feadh tréimhse leanúnaí de 24 seachtaine ón dáta a ndéanfar do leanbh a shuíomh leat.

12. Cad a tharlaíonn do mo thaifead árachais shóisialaigh má ghlacaim saoire uchtaíoch gan phá?

Má tá tú i bhfostaíocht inárachais, féadfar ranníocaíocht fostaíochta a chur chun creidmheasa do do thaifead maidir le gach seachtain de shochar uchtaíoch gan phá a ghlacann tú faoi théarmaí an Achta um Shaoire Uchtaíoch, 1995. Cinntíonn sé seo go mbíonn do chumhdach ó thaobh sochar leasa shóisialaigh á thabhairt cothrom leis an eolas is déanaí.

Féadfar an creidmheas ÁSPC seo a thabhairt maidir le gach seachtain ina mbeidh saoire uchtaíoch gan phá glactha agat díreach tar éis an tSochair Uchtaíoch ar feadh uasmhéid de 16 seachtaine.

I dtaca le huchtáil choigríche de, d'fhéadfá na 16 seachtaine de

shaoire uchtaíoch gan phá nó cuid díobh a ghlacadh díreach roimh lá an tsuímh. Chun an tsaoire seo a fháil, ní mór duit fógra leordhóthanach a thabhairt do d'fhostóir agus an fhianaise chúil a chur ar fáil, mar a leagtar amach ar leathanach 16.

Má ghlacann tú **saoire gan phá**, iarr ar d'fhostóir, le do thoil, an t-iarratas ar chreidmheasanna um shaoire uchtaíoch ar leathanach 19 a chomhlánú, **tar éis duit filleadh ar an obair**.

Cuir an fhoirm iarratais chomhlánaithe chuig:

Rannóg an tSochair Uchtaíoch

An Roinn Coimirce Sóisialaí
Bóthar Mhic Artair
Ard Rámhann
Bun Cranncha
Contae Dhún na nGall.

Íosghlao: 1890 690 690 (ó Phoblacht na hÉireann amháin)
+ 353 1 47 15898 (ó Thuaisceart Éireann nó ón gcoigríoch)

13. An féidir liom a bheith ag obair agus an Sochar Uchtaíoch á fháil agam?

Ní féidir. Cuirfimid stad le do Shochar Uchtaíoch má dhéanann tú aon obair seachas gníomhaíochtaí tís i do bhaile cónaithe féin agus sochar á éileamh agat.

Má tá sé de rún agat filleadh ar an obair níos luaithe ná mar a bhí scríofa agat ar d'fhoirm iarratais, ní mór duit é seo a chur in iúl do Rannóg an tSochair Uchtaíoch **2 sheachtain ar a laghad** roimh do dháta nua chun filleadh ar an obair.

14. An féidir liom saoire uchtaíoch agus Sochar Uchtaíoch a chur siar?

Má tá do leanbh san ospidéal, féadfaidh tú íocaíocht do Shochair Uchtaíoch a chur siar ar chuntar go dtabharfaidh d'fhostóir deimhniú go bhfuil tú i dteideal an tsaoire uchtaíoch a chur siar.

Tosóidh íocaíocht an tSochair Uchtaíoch arís nuair a sheolfaidh tú daingniú i scríbhinn ó d'fhostóir chuig Rannóg an tSochair Uchtaíoch go bhfuil tú i dteideal tosú arís ar an tsaoire uchtaíoch a cuireadh siar.

Nuair a thosóidh an tsaoire uchtaíoch arís, is i dtréimhse leanúnach amháin a bheidh an íocaíocht i gcaitheamh do theidlíochta ar an Sochar Uchtaíoch.

15. Cad is saoire do thuismitheoirí ann?

Ceadaíonn an tAcht um Shaoire do Thuismitheoirí, 1998, d'aithreacha agus do mháithreacha saoire gan phá a ghlacadh chun aire a thabhairt do leanaí óga. Féadfaidh tú saoire do thuismitheoirí a ghlacadh mar bhloc leanúnach de 14 seachtaine nó, le comhaontú d'fhostóra, briste suas thar tréimhse ama.

Tá foráil san Acht freisin do shaoire theoranta le pá (saoire 'force majeure'), a cheadaíonn suas le 3 lá in aon tréimhse 12 mhí, nó suas le 5 lá in aon tréimhse 36 mhí, chun ligean duit plé le géarchéimeanna de dheasca díobhála do dhuine den teaghlach nó de dheasca breoiteachta duine den teaghlach.

Féadfaidh tuismitheoirí a ghlacann saoire do thuismitheoirí creidmheas ÁSPC a fháil maidir le gach seachtain a ghlactar. Cinntíonn sé seo go mbíonn do chumhdach ó thaobh sochar leasa shóisialaigh á thabhairt cothrom leis an eolas is déanaí. Ba chóir do d'fhostóir scríobh chuig an Rannóg um Nuashonrú Taifead ag an seoladh ar leathanach 15, chun an líon seachtainí

agus dátaí beachta do shaoire a dhaingniú.

Chun a thuilleadh eolais a fháil ar chreidmheasanna ÁSPC i gcomhair na saoire do thuismitheoirí, déan teagmháil le:

An Rannóg um Nuashonrú Taifead

An Roinn Coimirce Sóisialaí

Bóthar Mhic Artair

Ard Rámhann

Bun Cranncha

Contae Dhún na nGall.

Íosghlao: 1890 690 690 (ó Phoblacht na hÉireann amháin)

+ 353 1 47 15898 (ó Thuaisceart Éireann nó ón gcoigríoch)

Chun a thuilleadh eolais a fháil ar shaoire do thuismitheoirí, déan teagmháil le:

An tÚdarás Comhionannais

2 Sráid Chluain Meala

Baile Átha Cliath 2

Íosghlao : 1890 245 545 (ó Phoblacht na hÉireann amháin)

+353 1 4173336 (ó Thuaisceart Éireann nó ón gcoigríoch)

Láithreán Gréasáin: **www.equality.ie**

16. Cathain agus conas a dhéantar iarratas?

Ba chóir duit iarratas a dhéanamh ar an Sochar Uchtaíoch 6 seachtaine (12 sheachtain má tá tú féinhostaithe) **ar a laghad** roimh an am atá beartaithe agat chun do shaoire uchtaíoch a thosú.

I gcásanna áirithe, d'fhéadfá iarratas a dhéanamh tar éis suíomh an linbh leat, ach mura ndéanfá iarratas laistigh de 6 mhí ón dáta a ndéanfaí an leanbh a shuíomh, b'fhéidir go gcaillfeá do Shochar Uchtaíoch.

Faoin Acht um Shaoire Uchtaíoch, 1995, ní mór duit fógra i scríbhinn a thabhairt do d'fhostóir 4 seachtaine ar a laghad roimh ré go bhfuil sé de rún agat saoire uchtaíoch a ghlacadh.

Ní mór duit freisin insint do d'fhostóir 4 seachtaine roimh duit fillleadh ar an obair agus an fógra seo a dhaingniú i scríbhinn 2 sheachtain roimh d'fhillleadh tuartha.

Nuair atá d'iarratas á sheoladh isteach agat, ní mór duit **Deimhniú Suímh**, a sholáthar, mar fhianaise le suíomh do linbh. Is féidir leat é seo a fháil ón gCumann Uchtála Cláraithe nó ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte a eagraíonn an suíomh.

I dtaca le huchtáil choigríche de, ní mór duit cóip a sholáthar den **Dearbhú Oiriúnachta** a fuair tú ón mBord Uchtála.

Ní féidir linn Sochar Uchtaíoch a íoc go dtí go bhfaighimid **Deimhniú Suímh** nó **Dearbhú Oiriúnachta**.

Chun iarratas a dhéanamh, comhlánaigh an fhoirm **AB 1** agus cuir í chuig:

Rannóg an tSochair Uchtaíoch

An Roinn Coimirce Sóisialaí

Bóthar Mhic Artair

Ard Rámhann

Bun Cranncha

Contae Dhún na nGall.

Íosghlao: 1890 690 690 (ó Phoblacht na hÉireann amháin)
+ 353 1 47 15898 (ó Thuaisceart Éireann nó ón gcoigríoch)

Tabhair faoi deara

Cuirfead daingniú i scríbhinn amach chugat chomh luath agus a bhreithneofar d'éileamh.

17. Cén áit ar féidir a thuilleadh eolais a fháil?

Chun a thuilleadh eolais ar an Sochar Uchtaíoch a fháil, déan teagmháil le d'Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil nó le **Rannóg an tSochair Uchtaíoch** ag an seoladh ar leathanach 16.

Chun leabhráin eolais, foirmeacha iarratais agus a thuilleadh eolais ar sheirbhísí leasa shóisialaigh a fháil:

- Logáil isteach ar **www.welfare.ie**.
- Glaoigh ar an Líne Eolais Íosghlaonna ag **1890 66 22 44** (ó Phoblacht na hÉireann amháin) nó **+353 71 91 93313** (ó Thuaisceart Éireann nó ón gcoigríoch).
- Buail isteach chuig d'Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil nó d'Ionad Faisnéise do Shaoránaigh.

Is féidir leat eolas breise a fháil ar an tsaoire do thuismitheoirí agus ar do chearta faoin Acht um Chosaint Mháithreachais, faoin Acht um Shaoire do Thuismitheoirí agus faoin Acht um Shaoire Uchtaíoch ó:

An tÚdarás Comhionannais

2 Sráid Chluain Meala
Baile Átha Cliath 2

Íosghlao : 1890 245 545 (ó Phoblacht na hÉireann amháin)
+353 1 4173336 (ó Thuaisceart Éireann nó ón gcoigríoch)
Láithreán Gréasáin: **www.equality.ie**

Tabhair faoi deara, le do thoil, go bhféadfadh soláthraithe seirbhíse éagsúla rátaí éagsúla a ghearradh as úsáid uimhreacha 1890 (íosghlao).

Leabhráin áisiúla eile:

Sochar Linbh	SW 42
Forlíonadh Ioncaim Teaghlaigh	SW 22
Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora	SW 82
Leabhrán faoi Rátaí Íocaíochta	SW 19

Iarratas ar chreidmheasanna um shaoire uchtaíoch

Le comhlánú ag d'fhostóir nuair a fhillfidh tú ar an obair.

Chun cáiliú do chreidmheasanna, ní mór saoire uchtaíoch gan phá a ghlacadh **díreach** roimh* shaoire uchtaíoch nó tar éis na saoire uchtaíche.

* Uchtáil choigríche amháin.

Uimh. PSP:

--	--	--	--	--	--	--	--	--	--

Ainm:

Seoladh:

Uimh. Ghutháin:

Deimhním/Deimhnímid gur ghlac an fostaí a luaitear thuas saoire uchtaíoch gan phá mar a leanas (ná cuimsigh an dáta a raibh an Sochar Uchtaíoch á fháil ag d'fhostaí):

Ó:

Go:

Móriomlán seachtainí de shaoire uchtaíoch gan phá glactha:

Arna shíniú ag an bhfostóir nó ar son an fhostóra

Síniú (ná húsáid blocclitreacha)

Post sa chuideachta nó san eagraíocht

Dáta:

Stampa oifigiúil an fhostóra

Uimh. Chláraithe an Fhostóra:

--	--	--	--	--	--	--	--	--	--

Uimh. Ghutháin:

Seoladh Ríomhphoist:

Cuir an fhoirm chomhlánaithe chuig:

Rannóg an tSochair Uchtaíoch, An Roinn Coimirce Sóisialaí, Bóthar Mhic Artair, Ard Rámhann, Bun Cranncha, Co. Dhún na nGall.

Faisnéis do Shaoránaigh

Is é an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh an comhlacht reachtúil a thacaíonn le soláthar faisnéise, comhairle agus abhcóideachta don phobal maidir leis an raon fairsing seirbhísí sóisialta agus sibhialta. Cuireann sé an láithreán gréasáin Faisnéise do Shaoránaigh ar fáil agus tacaíonn sé leis an líonra deonach de Sheirbhísí Faisnéise do Shaoránaigh agus leis an tSeirbhís Teileafóin Faisnéise do Shaoránaigh.

www.citizensinformation.ie

Íosghlao 1890 777 121 (Luan-Aoine 9am-9pm)

Ionaid Áitiúla (féach in Eolaire Teileafóin na Leathanach Buí)

Tá Faisnéis do Shaoránaigh ar fáil ó bhreis is 250 láthair ar fud na tíre. Foilsítear sonraí teagmhála agus uaireanta oscailte an Ionaid Faisnéise do Shaoránaigh is gaire duit in Eolaire Teileafóin na Leathanach Buí.